Coláiste na Coiribe

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoi fhoirgneamh nua atá ag Coláiste na Coiribe, gaelscoil i gcathair na Gaillimhe. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat.

Dá mbeadh leanaí agat, an gcuirfeá go dtí gaelscoil iad? Cén fáth?

Ceist 2 Agus tú ag féachaint ar an mír, aimsigh an leagan Gaeilge ar na frásaí seo a leanas:

1. finding their classes: _____
2. over twenty years: _____
3. five laboratories: _____
4. an internal community: _____
5. a great amenity: _____

Ceist 3 (a) Tagraíonn Tomás Ó Mainnín do rann traidisiúnta sa mhír. Tá sé curtha ar fáil anseo thíos ina iomláine. Léigh é leis an duine in aice leat agus pléigh an bhrí atá leis.

Fiche bliain ag fás
Fiche bliain faoi bhláth
Fiche bliain ag meath agus
Fiche bliain gur cuma ann nó as.

(b) Uaireanta bíonn mearbhall ar dhaoine mar gheall ar litriú an fhocail 'bliain' agus an tuiseal ginideach atá ag an bhfocal. Scríobh amach na litreacha atá i gceist sna bearnaí thíos.

year:	b __ __ __ __ __
the year:	an b __ __ __ __ __ __
throughout the year:	i rith na b __ __ __ __ __

(c) Féach an patrún seo:

an bhliain seo chugainn	*next year*
an bhliain seo caite	*last year*

Ach conas a deirtear *this year*? Bí cúramach, ní leantar an patrún thuas!

Ceist 4 Tá an focal 'scoil' baininscneach agus tá an focal 'coláiste' firinscneach. Conas, mar sin, a déarfá na rudaí seo a leanas?

1. *the school* (coláiste): _____
2. *the Irish-medium school* (gaelcholáiste): _____
3. *the Irish-medium school* (gaelscoil): _____
4. *pupils of the* gaelcholáiste: _____
5. *pupils of the* gaelscoil: _____

Ceist 5 Bhí an frása ‘níos deise’ le cloisteáil sa mhír. Bain triail as an gcleachtadh thíos atá bunaithe ar an ngné chéanna sin den ghramadach.

1. maith: níos _____
2. luath: níos _____
3. fada: níos _____
4. gearr: níos _____
5. deacair: níos _____
6. beag: níos _____
7. mór: níos _____

Ceist 6 Féach ar an liosta thíos agus pléigh leis an duine in aice leat cé chomh tábhachtach is atá na rudaí éagsúla, dar leat féin, mar a bhaineann siad le scoil.

- go mbeadh sí ina scoil mheasctha
- go mbeadh sí ina scoil neamh-shainchreidmheach
- go mbeadh rogha leathan ábhar ar fáil inti
- go mbeadh sí ina gaelscoil
- go mbeadh teist uirthi mar scoil acadúil
- go mbeadh béim ar an spórt sa scoil
- go mbeadh foirgneamh agus áiseanna ar chaighdeán ard ag an scoil

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cuir gach beirt ag obair le chéile chun an cheist seo a fhreagairt.

Ceist 2

1.	finding their classes:	ag baint amach a ranganna
2.	over twenty years:	os cionn fiche bliain
3.	five laboratories:	cúig shaotharlann
4.	an internal community:	pobal inmheánach
5.	a great amenity:	áis iontach

Ceist 3

(a)	Fiche bliain ag fás	*Twenty years a-growing*
	Fiche bliain faoi bhláth	*Twenty years a-blooming*
	Fiche bliain ag meath agus	*Twenty years a-fading and*
	Fiche bliain gur cuma ann nó as.	*Twenty years that don't matter.*

(b) bliain, an bhliain, i rith na bliana

(c) i mbliana (*this year*)

Ceist 4

1.	*the school* (coláiste):	an coláiste
2.	*the Irish-medium school* (gaelcholáiste)	an gaelcholáiste
3.	*the Irish-medium school* (gaelscoil):	an ghaelscoil
4.	*pupils of the* gaelcholáiste:	daltaí an ghaelcholáiste
5.	*pupils of the* gaelscoil:	daltaí na gaelscoile

Ceist 5

1. maith:	níos fearr
2. luath:	níos luaithe
3. fada:	níos faide
4. gearr:	níos giorra
5. deacair:	níos deacra
6. beag:	níos lú
7. mór:	níos mó

Ceist 6
Cuir gach beirt nó triúr ag obair le chéile chun na ceisteanna a phlé.

Tá tús curtha ag scoláirí Choláiste na Coiribe lena gcuid ranganna sa bhfoirgneamh[1] nua ar imeall thiar chathair na Gaillimhe. Tá an scoil scór bliain ag fanacht ar chóiríocht nua don líon mór scoláirí atá acu agus í ar an nGaelcholáiste is mó in iarthar na tíre.

Tomás Ó Mainnín
Daltaí agus múinteoirí Ghaelcholáiste na Coiribe ag baint amach a ranganna ina bhfoirgneamh nua le chéile dá gcéad lá gnáthscoile. Le os cionn fiche bliain tá iarrachtaí ar bun scoil nua a fháil don gcoláiste[2]. Roimhe seo, bhí idir dhaltaí agus mhúinteoirí scaipthe idir ceithre láthair dhifriúla[3] sa chathair.

Ailbhe Ní Ríogáin
Ceapaim go ndéanann sé difríocht mhór anseo. Tá meon i bhfad níos deise sa scoil. Tá gach duine le chéile. Tá sé níos éasca obair éifeachtach a dhéanamh sa scoil mar níl na múinteoirí scaipthe thart agus tá sé níos curtha le chéile mar scoil.

Stiofán Ó Cualáin
Chosain an scoil mar atá sí inniu isteach is amach ar sé mhilliún déag agus go náisiúnta...tá sí lán... tá sí déanta do 720 scoláire agus an uair sin beidh sí mar an scoil, an gaelcholáiste is mó sa tír.

Tomás Ó Mainnín
Tá cúig shaotharlann sa scoil chomh maith le seomraí adhmadóireachta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus a thuilleadh.

Tomás Mac Pháidín
Ceapaim go ndéanfaidh sé rud amháin, b'fhéidir, atá fíorthábhachtach. Den chéad uair le hocht mbliana anois tá pobal ag Coláiste na Coiribe laistigh den scoil mar bhí an scoil scaipthe ar fud na cathrach. Bhí dream sinsir nach bhfaca riamh an dream sóisir mar ní raibh siad riamh in aon fhoirgneamh leo, *so* tá pobal inmheánach agus tá pobal seachtrach. Sna seanáiteanna go raibh an scoil scaipthe ar fud na cathrach, ní raibh aon phobail timpeall orthu mar go raibh sí scaipthe agus ar ndóigh, tá an scoil tar éis athrú isteach go ceantar Gaeltachta *so* beidh sí b'fhéidir, mar ancaire nó mar phríomhfhoinse Gaeltachta sa cheantar agus mar áis iontach.

Tomás Ó Mainnín
Tá os cionn fiche bliain fáis déanta ag an gColáiste sa chathair seo agus tá súil anois gur roimpi, mar an gaelcholáiste is mó sa tír, a bheidh fiche bliain faoi bhláth.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 sa Ghaillimh

[1] Córas Chonnacht
[2] Córas na Mumhan
[3] *ceithre láthair difriúil* a deirtear sa mhír